## Seicliosta de na cáipéisí atá ag teastáil:

Sula gcuireann tú d'iarratas isteach, **DÉAN TEAGMHÁIL LE D'OIFIG ÁITIÚIL (uimhreacha teagmhála liostaithe ar Leathanach 2 den fhoirm iarratais)** chun a dheimhniú go bhfuil na cáipéisí riachtanacha go léir ceangailte mar seolfar iarratais neamhiomlána ar ais agus cuirfidh siad moill ar cheadú do chuid oibreacha beartaithe.

**TABHAIR FAOI DEARA GO dTUGTAR MAOINIÚ DEONTAIS BUNAITHE AR ÁR nGNÁTHCHOSTAIS AGUS NÍ AR NA MEASTACHÁIN A CHUIRTEAR AR FÁIL.**

**Do gach cineál deontais:**

- Fianaise dheimhnithe ar ioncam don bhliain roimhe d'úinéir agus/nó do chéile na réadmhaoine. Mar shampla litir ó Leas Sóisialach (NÍ ghlactar le duillíní ó Oifig an Phoist nó ráiteas bainc). Ráiteas Dliteanais don bhliain chánach roimhe (Féach Leathanach 16 den Fhoirm Iarratais le haghaidh sonraí iomlána).
- Cruthúnas ar chlárú do cháin mhaoine áitiúil (CMÁ) nó priontáil "Mo Phróifíl CMÁ" ar shuíomh gréasáin
  na gCoimisinéirí Ioncaim (Féach leathanach 20 le haghaidh riachtanais eile)
- Ní mór gach leathanach den fhoirm a chomhlánú ina n-iomláine.
- **Tabhair faoi deara go gcaithfidh tú a bheith in ann aon chostais bhreise (más infheidhme) nach gclúdaítear leis an deontas a íoc.**
- Cáipéisí breise mar a leagtar amach thíos ag brath ar an gcineál deontais a theastaíonn uait.

**Síntí/athoiriúnú seomra leapa/seomra folctha:**

- Tuarascáil ó theiripeoir saothair (do gach cineál sínidh nó athrú mór ar úsáid seomra)
- Cead Pleanála nó Deimhniú Díolúine (níl sé seo ag teastáil tráth an iarratais).
- Líníochtaí oibreacha beartaithe.
- Meastachán mionsonraithe amháin.

**Oiriúnú seomra folctha:**

- Meastachán mionsonraithe amháin.
- Sceitse den leagan amach reatha agus den leagan amach atá beartaithe.
- Grianghraf den seomra folctha.
- Ní mór Teastas Dochtúra ar fhoirm a chomhlánú. Tabhair faoi deara go mbeidh Tuarascáil ó theiripeoir saothair ag teastáil freisin.

**Rampaí:**

- Meastachán mionsonraithe amháin.
- Sceitse den leagan amach reatha agus den leagan amach atá beartaithe.
- Grianghraf den suíomh ina bhfuil an rampa le cur isteach.
- Ní mór Teastas Dochtúra ar fhoirm a chomhlánú.

**Cathaoir staighre:**

- Meastachán amháin.
- Grianghraf den staighre.
- Ní mór Teastas Dochtúra ar fhoirm a chomhlánú. Tabhair faoi deara go mbeidh Tuarascáil ó theiripeoir saothair ag teastáil freisin (féach leathanach 21).

**Athsreangú:**

- Meastachán mionsonraithe amháin.
- Grianghraf d'oibreacha leictreacha.
- Tuairisc Chigireachta Thréimhsiúil ó leictreoir ina ndéantar cur síos ar na deisiúcháin riachtanacha. (Ní mór dó/di a bheith ina Leictreoir Cláraithe le Safe Electric).

**Téamh lárnach:**

- **Níl aon chúnamh deontais ar fáil chun COIRE NUA BREOSLA IONTAISE (coire gáis nó ola) a athsholáthar nó a chur isteach**
- Chun deisiúcháin a dhéanamh ar sheanchoire, beidh ort tuairisc a chur ar fáil ó chonraitheoir teasa ina ndéantar cur síos ar bhail an chórais teasa atá ann cheana féin.
- Meastachán amháin.
- Grianghraf de théamh lárnach.

**Deisiúcháin/Athsholáthar Dín:**

- Meastachán mionsonraithe amháin.
- Grianghraf den díon.
- Deimhniú ó do Chuideachta Árachais Tí le rá nach gclúdóidh siad an costas, nó deimhniú i scríbhinn nach bhfuil árachas tí agat.
- Tuarascáil ar bhail an dín mar aon le fianaise fhótagrafach, ullmhaithe ag gairmí cuícháilithe a dhéanann cur síos ar bhail an dín atá ann cheana féin.

**Fuinneoga/Doirse:**

- Meastachán amháin
- Grianghraf de na fuinneoga/doirse - ní chlúdaítear leis an deontas ach athsholáthar fuinneoga aonghloinithe nó seanfhuinneoga le fráma alúmanaim/adhmaid.
- Ní chuirfear ach seirbhísiú ar fáil d'aonaid dhéghloinithe.

**DÉAN TAGAIRT DON IARRATAS LE HAGHAIDH RIACHTANAIS EILE CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR NA DEONTAIS AGUS TUILLEADH OIBREACHA A CHLÚDAÍTEAR.** **(Féach leathanach 20)**